# TOGETHER FOR RIGHTS

#EUDisabilityRights #UnionOfEquality

## FAISNÉIS CHÚLRA NA MEÁN

### 1. Céard is an feachtas “Le Chéile ar Mhaithe le Cearta’ ann?

Is tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é ‘Le Chéile ar Mhaithe le Cearta’ chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Is í an Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas, Helena Dalli, a stiúrann an feachtas agus is í an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialacha agus Cuimsiú a chuireann i gcrích é.

Tá sé ina chuid de Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 an Choimisiúin Eorpaigh , a foilsíodh i mí an Mhárta 2021.

Tá an feachtas eagraithe thart ar shé théama ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas. Déanfar é a rolladh amach ar líne go dtí mí an Mhárta 2023 i gcomhpháirtíocht le 27 saoránach (‘Cosantóirí’) ó gach cearn den Aontas Eorpach atá ag déileáil le míchumas de chineál éigin.

### 2. Cén fáth ar sheol an Coimisiún Eorpach an feachtas seo?

Ba cheart go mbeadh gach duine saor ó idirdhealú agus a bheith ábalta leas a bhaint as a gcearta in Aontas Comhionannais. Tá an ceart ag daoine faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i ngach réimse den saol, mar atá ag gach duine eile.

In ainneoin dul chun cinn in go leor réimsí, bíonn baic shuntasacha fós roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain ar chúram sláinte, ar oideachas, ar fhostaíocht, ar ghníomhaíochtaí fóillíochta agus ar rannpháirtíocht sa saol polaitiúil. Níl rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar scoileanna nó ar ionaid oibre, ar bhonneagair, ar tháirgí agus ar sheirbhísí, nó ar fhaisnéis.

Tá na dúshláin níos suntasaí fós do mhná faoi mhíchumas, do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu in institiúidí, do dhaoine faoi mhíchumas ó ghrúpaí mionlaigh agus do dhídeanaithe faoi mhíchumas.

Tá sé mar aidhm leis an bhfeachtas aird a tharraingt ar an gcás go bhfuil ceart bunúsach ag daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách, dul ar scoil, poist ardchaighdeáin a bheith acu, taisteal, etc. Agus ba cheart go mbeidís ábalta na cearta sin a fheidhmiú go hiomlán agus go cothrom ar fud an Aontais Eorpaigh agus níos faide i gcéin.

Is ábhar imní é sin don tsochaí ina hiomláine. Is í ár dteachtaireacht go gcaithfimid oibriú le chéile lena chinntiú go mbainfidh daoine faoi mhíchumas leas as cearta agus deiseanna comhionanna.

### 3. Cé atá páirteach san fheachtas?

Forbraíodh an feachtas i gcomhairle le páirtithe leasmhara míchumais Eorpacha, lena n-áirítear an Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas agus Comhlachas Eorpach na Soláthraithe Seirbhíse le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas mar aon lena gcomhaltaí. Is tionscnamh é de chuid na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialacha agus Cuimsiú sa Choimisiún Eorpach (EMPL).

Chuaigh an Coimisiún Eorpach i gcomhar le 27 saoránach ('Cosantóirí') freisin ó gach cearn den Aontas Eorpaigh atá ag déileáil le míchumas chun an scéal a scaipeadh. Déanfaidh siad é sin trína ndearcadh a roinnt ar conas is féidir linn oibriú le chéile lena chinntiú go mbainfidh daoine faoi mhíchumas leas as cearta agus deiseanna comhionanna.

### 4. Cé hiad 'Cosantóirí' an fheachtais?

Is iad na Cosantóirí 27 saoránach Eorpach atá ag déileáil le míchumas de chineál éigin (míchumas coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach), agus déanann gach duine acu ionadaíocht dá dtír i gcomhthéacs an fheachtais.
Tá tionchar suntasach ag na Cosantóirí ina bpobail faoi seach agus is gníomhaithe ar son an chomhionannais agus ar son an chuimsithe iad ina gceart féin. Gheobhaidh tú próifílí gach Cosantóra san fhoireann uirlisí meán (i nGaeilge agus in 23 teanga), chomh maith lena ngrianghraif phróifíle ar féidir leat iad a úsáid saor in aisce.

### 5. Cad iad na cearta atá i gceist? Cad iad na téamaí a ndéanfar iniúchadh orthu san fheachtas?

Idir Iúil 2022 agus Márta 2023, tarraingeofar aird san fheachtas ar shé théama a fhreagraíonn do phríomhréimsí beartais na Straitéise maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas:

1. Eolas faoin Straitéis i gcoitinne (lena n-áirítear an Cárta Eorpach Míchumais)
2. Rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealú sa chultúr, san fhóillíocht agus i gcúrsaí spóirt
3. Comhdheiseanna san fhostaíocht, i scileanna agus san oideachas (tacú leis an bpacáiste chun torthaí an mhargaidh saothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas)
4. Maireachtáil neamhspleách, dí-institiúidiú[i], agus rochtain ar sheirbhísí sa phobal (tithíocht san áireamh)
5. Ceart vótála
6. Inrochtaineacht (lena n-áirítear an tionscnamh nua AccessibleEU)

### 6. An féidir liom agallaimh a eagrú leis an gCoimisiún Eorpach agus/nó le Cosantóirí an fheachtais?

Is féidir. Déan teagmháil lenár bhfoireann meán le haghaidh agallaimh nó luaigh iarratais: Frederique Luca ag media@togetherforrightghts.eu nó +32 2 235 5678.

7. **Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoin bhfeachtas agus faoin Straitéis maidir le daoine faoi mhíchumas?**

Chun eolais a fháil faoin bhfeachtas, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1556&langId=ga

Is féidir leat bileog eolais/bileog fíricí an fheachtais a íoslódáil anseo: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1579&langId=ga

Ar leathanach na meán ar shuíomh gréasáin an fheachtais, gheobhaidh tú foireann uirlisí meán ina bhfuil ábhair is féidir leat a úsáid, lena n-áirítear próifílí agus grianghraif Chosantóirí an fheachtais (in 24 teanga): https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1558&langId=ga

Chun eolas breise a fháil faoi Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas an Choimisiúin Eorpaigh, féach thíos le do thoil:

- Cumarsáid: Aontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030
- Leagan éasca le léamh: Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030
- Preaseisiúint: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030
- Nuacht sa leagan éasca le léamh: Cuireann an Coimisiún Eorpach straitéis nua amach chun cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint
- Tuilleadh eolais faoi thionscnaimh AE do dhaoine faoi mhíchumas

**Mura bhfaighidh tú pé rud atá uait, déan teagmháil lenár bhfoireann meán le do thoil**: Frederique Luca ag media@togetherforrightghts.eu nó +32 2 235 5678.

---

[i] *Dí-institiúidiú: Is éard is brí leis an téarma ná aistriú ó chúram institiúideach go seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht sa phobal*